An tSean Bheairic Teo.
Ionad Cuartaíochta an Fháil Charraigh
An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall
Fón: 074 9180888
Idirlíon: http://www.antseanbheairic.com

Is comhlacht pobalbhunaithe é An tSean Bheairic atá faoi Theorainn Ráthaíochta, a fhorbraíonn cúrsaí sóisialta, cultúrtha, teanga, oideachais agus eacnamaíochta sa cheantar. Faoi láthair tá an comhlacht ag earcú:

Bainisteoir (Post Lánaimseartha)

Taithí / Scileanna Riachtanacha:

- Ardscileanna cumarsáide Gaeilge idir labhartha agus scríofa
- Taithí bainistíochta foirne
- Scileanna cuntasaíochta
- Taithí i mbainistíocht agus eagrú tograí agus imeachtaí
- Taithí i gcúrsaí forbartha pobail
- Taithí ag plé le buiséid
- Taithí ag plé le heagrais stáit - Údarás na Gaeltachta, Pobal, Ealaín na Gaeltachta srl.
- Ceadúnas tiomána reatha agus modh iompair

Beidh sé de dhualgas ar an bhainisteoir:

- Freagracht a ghlacadh as gach gné de smachtú airgeadais, riarachán, comhfhreagras agus fiosrúcháin An tSean Bheairic.
- Bainistiú a dhéanamh ar an chaifé, an siopa ceirde, pointe eolais cuairteoirí, iarsmalann, seirbhís leabharlainne Taobh Tíre agus seomraí cruinnithe.
- Comhoibriú agus ceangal le grúpaí pobail, eagrais reachtúil agus eagrais stáit.
- Pleanáil, forbairt agus comhoiriúnú a dhéanamh ar chlár bhliantúil imeachtaí sóisialta, oideachais, teanga, cultúrtha agus caitheamh aimsire.
- Tuairisc mhíosúil a thabhairt don choiste stiúrtha.

Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an té a cheapfar agus a bheith in ann comhfhreagrais agus obair riaracháin a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá tuarastal €32,000 sa bhliain ag dul leis an phost seo, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Iarratais le CV roimh 5.00in, Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, chuig: fograpoistnaseanbheairice@gmail.com

Tá an post seo á mhaoiniú ag 'Pobal' tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Údarás na Gaeltachta
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs
pobal supporting communities